Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9895/22

LIMITE

ENV 577
MI 447
RELEX 744
CODEC 854

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0367(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le loingsithe dramhaíola agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) Uimh. 2020/1056<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

# I. RÉAMHRÁ

1. Is é is aidhm don tuarascáil seo forléargas a thabhairt ar staid na himeartha agus ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le loingsithe dramhaíola agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) Uimh. 2020/1056. Beartaítear go dtiocfaidh an togra seo in ionad an rialachán atá ann faoi láthair maidir le loingsithe trasteorann dramhaíola agus go leasófar an rialachán maidir le hathchúrsáil long. Tá mar aidhm fhoriomlán ag an togra cosaint níos fearr a thabhairt don chomhshaol agus don tsláinte phoiblí ar thionchar loingsithe neamhfhónta trasteorann dramhaíola, Coinbhinsiún Basel a chur chun feidhme agus rialacha ECFE a ionchorprú.

2. An 17 Samhain 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh athmhúnlú ar Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola. Baineann an rialachán seo le loingsithe dramhaíola laistigh den Aontas agus chuig tríú tíortha (tíortha ECFE agus tíortha eile). Tá an togra mar chuid de chur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus, go háirithe, de chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, agus an Phlean Ghníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach, chomh maith le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025. Bhí teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Our waste, our responsibility: Waste shipments in a clean and more circular economy* [Ár ndramhaíl, ár bhfreagracht: Loingsithe dramhaíola i ngeilleagar glan agus níos ciorclaí] ag gabháil leis an togra.

3. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leas a bhaint as meascán beartas a threisíonn a chéile agus atá bunaithe ar na ceithre bhloc tógála thíos:

(a) loingsiú dramhaíola laistigh den Aontas chun críoch athchúrsála agus athúsáide a éascú;

(b) ceanglais níos déine maidir le dramhaíl a onnmhairiú lasmuigh den Aontas Eorpach;

(c) comhrac na gáinneála neamhdhleathaí ar dhramhaíl a neartú.

4. Tá 82 airteagal agus 16 iarscríbhinn sa togra le haghaidh rialacháin. Tagann siad faoi 8 dteideal, agus tugtar forálacha úrnua isteach faoi 3 cinn de na teidil sin, i gcomparáid leis an leagan atá ann faoi láthair. Mar sin, i dTeideal II tá forálacha maidir loingsithe laistigh den Aontas, bíodh idirthuras trí thríú tíortha i gceist nó ná bíodh. I dTeideal IV tá forálacha maidir le honnmhairí ón Aontas go tríú tíortha. Ar deireadh, i dTeideal VII tá forálacha maidir leis an rialachán seo a fhorfheidhmiú. Cruthaíodh Iarscríbhinní VIII agus X freisin, a bhaineann le forálacha theideal IV. Leagtar amach in Iarscríbhinn X na critéir atá ceaptha chun bainistiú at neamhdhíobhálach don chomhshaol a léiriú sna saoráidí cóireála ceann scríbe i dtríú tíortha.

In Iarscríbhinn VIII, cuirtear an fhoirm ar fáil chun iarratas a dhéanamh ar a bheith san áireamh ar liosta na dtíortha a n-údaraítear dóibh dramhaíl neamhghuaiseach atá le haisghabháil a onnmhairiú ón Aontas Eorpach.



PUBLIC

5. I bParlaimint na hEorpa, ba é an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia a scrúdaigh an togra. Eisíodh an dréacht-tuarascáil an 11 Aibreán 2022. Ní fios an dáta a vótálfar ar an tuarascáil go fóill. Tíolacadh 599 leasú ar an iomlán.

6. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta. Staon Coiste Eorpach na Réigiún ó thuairim a thabhairt. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuarascáil an 23 Feabhra 2022.

## II. <u>AN OBAIR SA CHOMHAIRLE</u>

7. Sa Chomhairle, is í an Mheitheal um an gComhshaol atá freagrach as an togra a scrúdú. Thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh rialacháin agus an measúnú tionchair a ghabhann leis ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil den Mheitheal um an gComhshaol an 6 Nollaig 2021. Chuir an Coimisiún a thogra i láthair ag an gComhairle Comhshaoil an 20 Nollaig 2021 freisin.

8. Tá an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola ar cheann de phríomhthosaíochtaí Uachtaránacht na Fraince d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar airteagail uile an togra mar chur chuige tosaigh. Bhí 7 gcruinniú a bhí ag an Meitheal um an gComhshaol le linn Uachtaránacht na Fraince – an 14 agus an 28 Eanáir, an 4 Feabhra, an 10 agus an 28 Márta, an 12 Aibreán agus an 17 Bealtaine – agus bhí físchomhdháil neamhfhoirmiúil ag an Meitheal an 27 Aibreán inar díríodh an plé ar an togra seo. Cuireadh na forálacha a bhaineann le ról na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) faoi bhráid na Meithle um Chomhrac na Calaoise ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Bealtaine 2022 freisin. Ina theannta sin, fuarthas roinnt tuairimí i scríbhinn ó na toscaireachtaí. Bhíothas in ann forálacha uile an rialacháin a phlé den chéad uair ag na cruinnithe sin, agus bhíothas in ann an chéad togra comhréitigh ón Uachtaránacht maidir le Teideal I agus II a scrúdú. Seo a leanas na príomhphointí a pléadh:

**Loingsithe dramhaíola laistigh den Aontas**

9. Baineann an phríomhghné nua sna rialacha maidir le loingsithe dramhaíola laistigh den Aontas le córas digiteach a thabhairt isteach lena n-éascófar an chumarsáid idir na gníomhaithe agus an húdaráis lena mbaineann. Bhí na toscaireachtaí uile i bhfabhar an chóras dhigitigh a thabhairt isteach. Léiríodh suim mhór le linn an phlé i dtuiscint níos fearr a fháil ar fheidhmiúlachtaí beachta an chórais agus ar an gcaoi a d'fhéadfaí é a nascadh leis na córais atá i gcuid de na Ballstáit cheana.

10. Ós rud é gur nósanna imeachta um thoiliú maidir le loingsithe dramhaíola a ghiorrú an príomhchuspóir atá taobh thiar de chóras digiteach a thabhairt isteach, mhol an Coimisiún teorainneacha ama níos giorra do na húdaráis inniúla agus do fhógróirí. Ba chúis imní do na toscaireachtaí é an méid sin, agus d'ardaigh cuid mhór díobh ceisteanna faoi spriocdhátaí níos giorra agus iad den bharúil go gcuirfí an t-am a theastaíonn le haghaidh idirphlé idir na páirtithe i mbaol le spriocdhátaí níos giorra.

11. Bhí an chuid is mó de na toscaireachtaí i bhfabhar an togra chun loingsithe dramhaíola lena diúscairt a thoirmeasc. Mar sin féin, leag na toscaireachtaí béim ar na gnéithe praiticiúla agus ar chur chun feidhme na bhforálacha atá beartaithe. Mar sin, cuireadh ceisteanna faoin léirmhíniú ar na coinníollacha maidir le díolúine agus ar chás sonrach na mBallstát beag agus na réigiún trasteorann.

12. Tugadh cuid mhór barúlacha maidir leis an gcur chuige nua i ndáil le toiliú intuigthe ón údarás inniúil seolta.

**Forálacha maidir le honnmhairiú dramhaíola go tríú tíortha**

13. Bhí na toscaireachtaí i gcoitinne i bhfabhar an togra ón gCoimisiún chun réimeas níos déine a chur chun feidhme maidir le dramhaíl a onnmhairiú chuig tríú tíortha. Chuir roinnt toscaireachtaí chun suntais gur gá a áirithiú go ndéanfaí an dramhaíl ar fad a onnmhairítear chuig tríú tíortha a bhainistiú ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

14. Faoin togra ón gCoimisiún, i bprionsabal, toirmiscfear dramhaíl a onnmhairiú chuig tíortha nach tíortha ECFE iad, murar thug an tír atá i gceist fógra don Choimisiún gur mian léi dramhaíl a fháil ón Aontas agus go bhfuil sé léirithe aici go mbeidh sí in ann dramhaíl a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an cur chuige sin ón gCoimisiún maidir le liosta a bhunú de thíortha nach tíortha ECFE iad ar mian leo dramhaíl a fháil ón Aontas, agus ba dhíol sásaimh dóibh freisin an togra chun ceangal a chur ar chuideachtaí a mbíonn dramhaíl a onnmhairiú acu a fhíorú go ndéanfaí iniúchadh neamhspleách ar na láithreáin a ghlacann dramhaíl. Ag an am céanna, cuireadh roinnt ceisteanna faoi chur chun feidhme praiticiúil na n-iniúchtaí.

15. D'áitigh toscaireachtaí áirithe nár cheart don Rialachán difear a dhéanamh do Bhallstáit bheaga atá ag brath go mór ar onnmhairí chun cóireáil a dhéanamh ar an dramhaíl, agus go háirithe chun an dramhaíl a dhiúscairt.

**Rialú na sreabha neamhdhleathacha dramhaíola agus ról OLAF a neartú**

16. Ar an iomlán, bhí na toscaireachtaí i bhfabhar bearta rialaithe a neartú. Mar sin féin, ardaíodh ceisteanna faoi ról nua na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise agus faoi na forálacha maidir le smachtbhannaí riaracháin agus coiriúla.

17. Tionóladh físchomhdháil neamhfhoirmiúil le comhaltaí den Mheitheal um an gComhshaol an 27 Aibreán chun plé a dhéanamh ar na forálacha atá sa rialachán a bhaineann le ról OLAF. Bhí cuid mhór ceisteanna ag na Ballstáit faoi shainordú na gníomhaireachta seo, faoina ról maidir le comhlachtaí eile amhail INTERPOL agus EUROPOL, agus cad iad na cumhachtaí a bheadh aici chun imscrúduithe a sheoladh sna Ballstáit. Ceistíodh soláthar foirne agus acmhainneacht OLAF freisin, chomh maith leis na cleachtais shonracha i dtéarmaí comhair leis na húdaráis náisiúnta nó iniúchtaí ar an láthair.

18. A mhéid a bhaineann le smachtbhannaí, cheistigh na toscaireachtaí an ceangal idir smachtbhannaí riaracháin agus coiriúla agus an fhéidearthacht smachtbhannaí níos déine ná na cinn dá bhforáiltear sa Rialachán a ghlacadh.

19. D'iarr a lán toscaireachtaí go leanfadh grúpa na gcomhfhreagraithe san fhoirm ina bhfuil sé agus d'iarr siad soiléiriú ón sainghrúpa mar a fhoráiltear sa Rialachán atá beartaithe.

## III. OBAIR NA HUACHTARÁNACHTA

20. Bunaithe ar an bplé agus ar na tuairimí i scríbhinn, d'ullmhaigh an Uachtaránacht tograí comhréitigh le haghaidh Teideal I den Rialachán atá beartaithe a bhaineann le cuspóir, raon feidhme agus sainmhínithe. Chomh maith leis sin, rinne an Uachtaránacht athfhoirmliú ar Theideal II a bhaineann le loingsiú dramhaíola laistigh den Aontas Eorpach, agus chuir sí isteach athruithe a mheas sí a mbeadh na toscaireachtaí in ann glacadh leo. Mar sin féin, tá an Uachtaránachta den tuairim gur gá fós le tuilleadh plé.

21. Baineann a bhfuil á bheartú ag an Uachtaránacht do Theideal I le forálacha ginearálta maidir le cuspóir, raon feidhme agus sainmhínithe an togra. Cuirtear san áireamh na ceartúcháin a moltar agus cuid de na barúlacha ó na toscaireachtaí. Dá bhrí sin, tugadh soiléiriú maidir le cuid mhór de na sainmhínithe agus cuireadh isteach sainmhíniú ar 'an duine a shocraíonn an loingsiú'. Cuireadh an Rialachán atá beartaithe faoi bhráid na Meithle um an gComhshaol an 17 Bealtaine agus níor eascair aon bharúlacha breise as an bplé seachas na cinn a thug ar an Uachtaránacht na tograí seo a chur i dtoll a chéile.

22. Oibríodh ar Theideal II chun cuid de na hathruithe a mhol na toscaireachtaí agus na tograí le haghaidh leasuithe arna gcomhaontú a chur isteach. Baineann na hathruithe sin go háirithe leis an tréimhse ama chun fógra ginearálta a thabhairt agus an nós imeachta um thoiliú roimh ré.

Tharraing na toscaireachtaí aird ar ábhair imní áirithe le linn an phlé agus mheas siad go raibh na rialacha nua róshriantach. Bhí roinnt Ballstát den tuairim nach réiteach é córas leictreonach nua a úsáid agus go mbeadh gá fós le ham le haghaidh malartuithe idir na Páirtithe, go mbeadh ar na húdaráis inniúla an comhad a scrúdú agus go mbeadh ar na fógróirí na doiciméid a iarradh a tharchur.

Mheas an Uachtaránacht gur tosaíocht é an nós imeachta sin, ar cuid lárnach den athbhreithniú ar an Rialachán é, a mhéid a bhaineann le cúraimí na n-údarás inniúil atá freagrach as é a chur i bhfeidhm. Tagann an dréacht-chomhréiteach a ullmhaíodh i ndáil le Teideal II leis an gcuspóir sin.

Ina theannta sin, measann an Uachtaránacht nach mór tuilleadh plé a dhéanamh ar na pointí seo a leanas:

– chun nach mbeidh a lán babhtaí malartuithe ann leis an bhfógróir agus chun nach mbeadh ualach oibre na ngeallsealbhóirí éagsúla níos troime, d'fhéadfaí gur rogha a thugtar don údarás inniúil gan leanúint leis an nós imeachta a bheadh sa chinneadh agus nach oibleagáid a fhorchuirtear é;

– chun ualach oibre méadaithe, a eascraíonn as iarratais chomhleanúnacha a chomhdú, a sheachaint, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar an dóchúlacht go ndéanfaí cinneadh gan leanúint den fhiosrúchán mura éirigh leis an iarratas trí chinneadh mar sin a fhorchoimeád do na húdaráis seolta agus cinn scríbe amháin;

– ar deireadh, d'fhéadfaí a mheas go raibh toiliú intuigthe faighte ón údarás inniúil faoi dhá choinníoll charnacha: a chinneadh foirmiúil a bheith eisithe roimh ré agus an ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach a bheith bailíochtaithe aige.

Ar an gcaoi sin, ba cheart na tograí a chuirfidh an Uachtaránacht thart a bhaineann le Teidil I agus II a thuiscint mar rannchuidiú leis an obair ar an dréacht-Rialachán, agus mar sin amháin, agus nach mór leanúint leis an obair sin faoi Uachtaránacht na Seice.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

23. Measann an Uachtaránacht gur chuidigh an obair a rinneadh le linn a téarma oifige leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le loingsithe dramhaíola a shoiléiriú agus gur féidir an obair sin a úsáid mar bhonn chun tuilleadh plé a dhéanamh ar an togra.



PUBLIC

24. Oibreoidh Uachtaránacht na Fraince i ndlúthchomhar le hUachtaránacht inteachta na Seice chun a áirithiú go leanfar den obair sin. Ba mhaith leis an Uachtaránacht buíochas a ghabháil leis an gCoimisiún as an dea-chomhar agus as an tacaíocht iontach ar fad a thug sé, agus as na páipéir leathoifigiúla a cuireadh ar fáil, agus gabhann sí buíochas leis na Ballstáit freisin as a rannpháirtíocht agus a gcabhair.

25. Mar fhocal scoir, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil seo ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire agus í a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Comhshaol an 28 Meitheamh 2022.

PUBLIC